COUNTY DONEGAL
FLOOD RELIEF SCHEMES

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

OPW
Oifig na nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

# Scéim Cosanta Tuilte


# NA DÚNAIBH

Nuachtlitir Uimh.18
Márta 2026

https://countydonegalfrs.ie/downingsfrs



## ACHOIMRE AR CHLÁR NA SCÉIME




*Curtha ar fáil mar an meastachán is fearr ag an bhomaite, ach tá siad faoi réir athbhreithnithe. Tá an Fhoireann Tionscadail ag obair go dian chun moill ar an chlár a mhaolú trí mheasúnú a dhéanamh ar dheiseanna féideartha chun tascanna tionscadail a bhrostú.*

## DÉAN TEAGMHÁIL LINN

Is féidir leat teagmháil a choinneáil leis an tionscadal tríd ár suíomh gréasáin áit a mbeidh muid ag postáil uasdátaithe maidir le dul chun cinn agus sonraí faoi oibreacha atá ar siúl. Le haghaidh tuilleadh fiosrúchán, ná bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh linn trí ríomhphost nó litir a sheoladh chuig:

**Bainisteoir Tionscadail SCT NA DÚNAIBH**

**Oifig an Tionscadail:** Tetra Tech RPS, Ionad Gnó an Chiste Fiontraíochta, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall, F92 AF43.

**Ríomhphost suas go dtí 30 Márta 2026:**
RPS.Downingsfrs@rps.tetratech.com

**Ríomhphost ón 1 Aibreán 2026:** DowningsFRS@tetratech.com

## NAISC ÁBHARTHA

**Suíomh Gréasáin:** https://countydonegalfrs.ie/downingsfrs/

## STAID REATHA AN TIONSCADAIL

Tá an Fhoireann Tionscadail ag obair chun na tuarascálacha teicniúla Céim I agus na seachadtaí gaolmhara a thabhairt chun críche. Tá an Scéim is Fearr sainaitheanta agus tá an obair Céim II (Pleanáil) ar siúl.


D'eisigh Tetra Tech RPS dréacht-líníochtaí agus doiciméid den Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ) i mí Eanáir 2026 chuig Comhairle Contae Dhún na nGall lena n-athbhreithniú. Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ag leanúint orthu ag bualadh le húinéirí talaimh chun iad a chur ar an eolas faoin dóigh a dtiocfadh leis an scéim tionchar a imirt ar a gcuid tailte. Nuair a bheidh an próiseas seo críochnaithe, ullmhóidh Tetra Tech RPS an aighneacht chuig an Choimisiún Pleanála.

## MEASÚNÚ COMHSHAOIL

Tá Tetra Tech RPS ag cur críoch ar na trí dhréacht-thuarascáil chomhshaoil, an scagadh ar an Mheasúnú Cuí, an scagadh ar an Mheasúnú Tionchair Chomhshaoil agus an Ráiteas Tionchair Natura faoi láthair.

## NA CÉAD CHÉIMEANNA EILE

Nuair a bheidh na cruinnithe leis na húinéirí talaimh críochnaithe, agus tuarascálacha innealtóireachta agus comhshaoil Céim I curtha i gcrích, beidh an Fhoireann Tionscadail in ann an scéim a chur faoi bhráid an Choimisiúin Phleanála lena ceadú.




Dréacht-Leagan Amach Pleanála do SCT Na Dúnaibh